NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Gluais téarmaí matamaitice do ranganna cúig agus sé sa bhunscoil agus sa tSraith Shóisearach

Nasc-Ábhair Mhatamaitice

Is gluais téarmaí matamaitice é seo a leanas. Is é cuspóir na gluaise daltaí, tuismitheoirí agus múinteoirí a chur ar an eolas maidir leis an stór focal agus brí na dtéarmaí matamaitice ar tháinig daltaí orthu sa bhunscoil agus a dtiocfar orthu nuair a aistreoidh siad go hoideachas iar-bhunscoile. Úsáidtear a lán de na téarmaí seo síos trí na snáitheanna sa tsraith shóisearach, ach ní liosta cuimsitheach é. Roghnaíodh na sainmhínithe agus na samplaí anseo go sonrach chun a n-úsáid i ranganna 5 agus 6 i matamaitic bhunscoile agus sa tsraith shóisearach in iar-bhunscoileanna na hÉireann.

Tá na téarmaí seo a leanas in ord aibítre.

Téarma	**Léaráid, sainmhíniú, míniú agus sampla:**
abacas *abacus*	Cabhraíonn sé seo linn áirimh a dhéanamh nuair a shleamhnaímid na coirníní trasna na mbataí beaga.
ábhair bhonn a deich *base ten materials*	Úsáidtear é seo chun ionadluach agus toirt a mhúineadh. Tá deich gciúb bheaga in 'fadán' amháin, deich bhfadán in 'cothromán' amháin agus deich gcothromán i mbloc amháin. Aonaid (ionad na n-aon), Fadáin (deicheanna), Cothromáin (céadta), Blocanna (mílte).
achar *area*	Seo an chuid de phlána laistigh de chruth 2-T. Tomhaistear achar i aonaid chearnacha. 

aghaidh *face*	Dromchla plánach polaihéadráin Tá 6 aghaidh ar chiúb.
ainmneoir *denominator*	Is í seo an uimhir atá faoin líne i gcodán. $\frac{2}{3}$
airmheán *median*	Is é seo luach (nó dhá luach) láir tacar sonraí atá leagtha amach in ord. Sampla: déantar 2, 3, 3, 7, 8, 16, 18 de 18, 3, 7, 8, 16, 2, 3 agus is é 7 an t-airmheán. déantar -16, -9, -7, 0, 2, 2, 23, 100 de -16, 2, -7, 2, 23, -9, 100, 0. (0+2) ÷2= 1
ais na siméadrachta *axis of symmetry*	Seo líne a tharraingítear trí fhíor phlánach ionas gur féidir leath den chruth a fhilleadh feadh na líne chun luí anuas go díreach ar an leath eile. Is féidir níos mó ná ais siméadrachta amháin a bheith ag cruth. 
algartam *algorithm*	Is gnáthamh céim ar chéim é seo a thugann réiteach faidhbe dúinn. Is samplaí iad iolrú agus roinnt de bhealaí ar féidir linn algartaim a úsáid chun freagraí a fháil ar bhealach éifeachtach.

analógach (clog analógach) *analogue clock*	Seo clog ar a dtaispeántar uaireanta, nóiméid agus fiú soicindí ar lámha ar an diail.
aontas *union*	Is oibríocht í seo a nascann na baill in dhá thacar nó níos mó. Is é $\cup$ an tsiombail a úsáidtear. 
athghrúpáil/ athainmniú *regrouping/renaming*	Nuair a dhéantar uimhir a athchumrú ina foirm choibhéiseach ach difriúil. Sampla: Is féidir 372 a athghrúpáil/athainmniú mar 36 deich and 12 aonad. $1 \text{ m } 11 \text{ cm} = 1\ {}^{11}/_{100} \text{ m} = 1.11 \text{ m}$ Nóta: Úsáidtear suimiú le hathghrúpáil/athainmniú nuair is mó ná 9 suim iomlán na n-uimhreacha sa cholún chéanna. Tarlaíonn athghrúpáil/athainmniú sa dealú má bhíonn digit ar bith san uimhir mhór níos lú na digit bhainteach ar bith san uimhir bheag.
athróg *variable*	Is siombail í seo a sheasann do luach i slonn ailgéabrach. Sampla: $y + 7 = 12$. $y = 5$
ball *element*	Is ball tacair atá i gceist anseo. Sampla: A = {madra, cuisneoir, 17, Learpholl}. Tá ceithre bhall i dtacar A. Ball acu is ea madra.
barrachairt *bar chart*	Is léaráid í seo a úsáidtear chun sonraí a léiriú ina mbarraí dronuilleacha. Úsáidtear í chun eolas a léiriú ar léaráid. 

barraghraf líneach *bar-line graph*	Is bealach é seo chun sonraí a thaispeáint agus a chur i gcomparáid trí línte cothrománacha nó ceartingearacha a úsáid. In áit na mbarraí ar bharrachairt, cuirtear línte díreacha. 
blocghraf *block graph*	Is bealach é seo chun tús a chur le sonraí scoite a leiriú ina seasann cearnóg amháin do gach ball den líon. **Na deochanna is deise linn** 
brabús *profit*	Is tomhas é seo ar an mhéid a ghnóthaítear ar bheart airgeadais.

breacadh líne *line plot*	Is graf é seo mar a mbreactar na sonraí ina línte. Sampla: Tá torthaí 26 dalta a chomhlánaigh an triail le feiceáil sa bhreacadh líne.  **Torthaí trialach**
bunuimhir *cardinal number*	Is é seo an líon ball i dtacar. Is é # an tsiombail a sheasann di. Sampla: Is é W tacar na ré-uimhreacha idir 3 agus 11. W= {4,6,8,10}. Tá ceithre bhall sa tacar W, agus scríobhtar sin mar #W = 4
cáin bhreisluacha (CBL) *value added tax (VAT)*	Cáin rialtais a chuirtear leis an gcuid is mó d'earraí agus de sheirbhísí. Gearrtar í de ghnáth mar chéatadán den ghlanchostas.
ceathairshleasán *quadrilateral*	Is cruth é seo ar a bhfuil ceithre shlios. Sampla: Is ceathairshleasán é an rombas a bhfuil a shleasa uile ar comhfhad. 
cileagram *kilogram*	Is aonad maise é seo (1000 gram). 1 kg = 1000 g
clár nodaireachta *notation board*	Úsáidtear é seo le foghlaim faoi ionadluach. 

clár trasdula *transition board*	Is fearas simplí é seo chun cabhrú le tuiscint choincheapúil páistí ar shuimiú agus dealú. 
cóimheas *ratio*	Is comparáid é seo idir dhá chainníocht nó níos mó. Sampla: Nuair a bhíonn coincréit á déanamh, measctar 9 gcuid gairbhéil le 2 chuid stroighne. Is é 9:2 cóimheas an ghairbhéil leis an stroighin.
cómhalartach *commutative*	Is airí é seo d'oibríochtaí an tsuimithe agus an iolraithe. Maidir le suimiú, oibríonn sé an dá bhealach m.sh. 1 + 2 = 2 + 1 .i. Tá sé cómhalartach. Maidir le dealú nó le roinnt, ní oibríonn sé an dá bhealach, m.sh. 6–7 $\neq$ 7–6. .i. Níl sé cómhalartach
comhbhaill uimhreach *components of number*	Is féidir 4 a dhéanamh ar na bealaí seo: 1 + 1 + 1 + 1, 2 + 2, 3 + 1, 1 + 3 srl.
comhionann *congruent*	Is cur síos é seo ar chruthanna 2-T a bhfuil airíonna comhionanna acu agus atá ar cóimhéid, ar comhchruth agus ar comhthomhas uillinne.  
comhlántach *complementing*	Is cur síos ar chineál dealaithe é seo. Sampla: Tá 10 ngreamán i dtacar. Tá 4 cinn agam. Cá mhéad greamán eile atá de dhíth orm le go mbeidh tacar iomlán agam?

comhlánú tacair *complement of a set*	Is iad seo na baill nach bhfuil i dtacar. Sampla: An tacar P =[1,2,3] an comhlánú P' = [4,5] 
comhordanáidí *coordinates*	Is péirí uimhrithe iad seo a úsáidtear le pointí ar phlána a shuí. Is dromchla cothrom an plána, ar a dtugtar go minic an plána Cairtéiseach. Léirítear thíos roinnt pointí ar cheithre cheathrú an phlána Chairtéisigh. 
comhréir dhíreach *direct proportion*	Tá sé seo amhlaidh nuair a nascann iolraitheoir tairiseach dhá thacar. A= {12, 24, 36} B= {3, 6, 9). Tá tacar A i gcomhréir dhíreach le Tacar B agus is é 4 an t-iolraitheoir tairiseach.
comhréir inbhéartach *inverse proportion*	Nuair a bhíonn gaol idir dhá uimhir nó idir dhá thacar uimhreacha agus nuair a chomhfhreagaíonn méadú i gceann amháin do laghdú sa cheann eile. Bíonn iolrach an dá uimhir tairiseach. (Féach inbhéarta) Sampla: A = {40, 24, 15} B = {3, 5, 8} mar 40 x 3 = 120, 24 x 5 = 120 agus 15 x 8 = 120.
comhthiomsaitheacht *associativity*	Is airí í seo a bhaineann le hoibríochtaí uimhris. Tá tábhacht ag baint leis an ord ina ndéanaimid oibríochtaí. Tá iolrú comhthiomsaitheach: (12 x 3) x 6 = 12 x (3 x 6) = (12 x6) x 3. <u>Níl</u> roinnt comhthiomsaitheach (12 ÷ 3) ÷ 6 ≠ 12 ÷ (3 ÷ 6). .i. is cuma cén ord ina ndéantar na huimhreacha a iolrú, bíonn an freagra mar an gcéanna. Níl sé sin fíor maidir le roinnt.

comhthreomhar *parallel*	Cuireann sé seo síos ar líne atá ar comhfhad ó líne eile agus ní thagann siad le chéile riamh. 
cosúil *similar*	Is cur síos é seo ar chruthanna atá díreach mar an gcéanna ar an uile bhealach seachas méid. Sampla: triantáin chosúla 
cothromóid *equation*	Is ráiteas mata é seo atá ina siombailí lena n-áiritear comhartha cothroime (comhionannas) Sampla: $2b + 4c = 34$
Criathar Eratosthenes *Sieve of Eratosthenes*	Is bealach é seo chun uimhreacha príomha a shainaithint agus a chlárú. Trí chearnóg chéid a úsáid scagann criathar Eratosthenes amach uimhreacha ilchodacha agus fágann se uimhreacha príomha ina dhiaidh. 

cuir x in ionad y *substitute*	Uimhir a chur in ionad athróige chun luach sloinn a áireamh nó chun tuilleadh ionramháil ailgéabair a éascú.
cumhacht (= séan) *power*	Is é seo mar a iolraítear uimhir uirthi féin. Tugtar an séan air freisin. Sampla: $3^4 = 3 \times 3 \times 3 \times 3 = 81$
dáileach *distributive*	Is airí de chuid oibriochtaí uimhris é seo. Cuireann sé síos ar an mbealach ar féidir dhá oibríocht a úsáid le chéile nuair a bhíonn nasc de chineál áirithe eatarthu. Ní oibríonn sé i gcónaí. $5(4+3) = 5(7) = 35$ agus is ionann seo agus $5(4) + 5(3) = 20+15 = 35$, .i. Tá iolrú dáileach thar suimiú. $5(20 \div 5) = 5(4) = 20 \neq 5(20) \div 5(5) = 100 \div 25 = 4$, .i. Níl iolrú dáileach thar roinnt.
déaduchtú *deducting*	Is cineál dealaithe é seo. Sampla: Bhí 10 milseán agam, D'ith mé 3. Cá mhéad atá fágtha agam?
dealann *subtrahend*	Is í seo an uimhir atá le dealú ó uimhir eile. Sampla: 10 – 4 (is dealann é 4)
dealú *subtraction*	Is oibríocht Mhatamaitice é seo nuair a fhaightear an difríocht idir dhá uimhir. (féach difríocht) Sampla: 21 – 13 = 8; -12 - 4 = -16; 63 – (-12) = 63 + 12 = 75.
deimhneach *positive*	Airí uimhreach is ea é seo. Bíonn uimhreacha deimhneacha níos mó ná nialas. Sampla: $\sqrt{2}$, 5½, 7.09, 16
déroinnteoir *bisector*	Is líne í seo a roinneann uillinn nó líne ina dhá cuid chothroma. 

déroinnteoir ingearach *perpendicular bisector*	Is líne í seo a roinneann líne eile ina dhá chuid chothroma agus atá ar 90° léi. Féach *ingearach*. 
difríocht *difference*	Ciallaíonn sé seo dealú. Sampla: An difríocht idir dhá uimhir ar nós 22 agus 17 is ea 22-17 = 5. Is é 5 an difríocht.
digit *digit*	Is iad seo na siombailí aonair a úsáidtear le huimhreacha a dhéanamh i gcóras uimhrithe. 0, 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8, agus 9.
diúltach *negative*	Is airí uimhreach é seo. is minic a thagraítear dó mar chomhartha uirthi. Uimhir dhiúltach is ea gach uimhir níos lú na nialas (féach lúide). Sampla: - 20
dóchúlacht *probability*	Seo staidéar ar chúrsaí seans; is idir 0 agus 1 atá a luach. Sampla: An dóchúlacht gur ar 'ceann' a thitfidh bonn cothrom = 0.5
dronuillinn *right angle*	Is uillinn 90° í seo. 

eagar *array*	Seo eagar de réada (uimhreacha de ghnáth) ina sraitheanna agus ina gcolúin. 1 2 3 4 5 2 4 6 8 10 3 6 9 12 15
eangach *net*	Is plána é seo de réad 3-T. Sampla: Ciúb agus an eangach lena thaobh.
easpónantúil *exponential*	Is slonn é seo ina méadaítear uimhir faoi chumhacht éigin. Is é an chumhacht an t-easpónant. (féach cumhacht) 6^2, 8^3, 12^9
fachtóir *factor*	Is slánuimhir nó slonn é seo a roinneann go cothrom ar uimhir eile gan fuílleach a bheith fágtha. Sampla: Tá ocht bhfachtóir ag 24, é féin agus a haon san áireamh: 1, 2, 3, 4, 6, 8,12, 24 Níl ach dhá fhachtóir ag uimhreacha príomha ar nós 7, 11 agus 23: an uimhir féin agus 1.
fachtóir coiteann *common factor*	Is uimhir í seo ar féidir í a roinnt ar níos mó ná uimhir amháin, gan aon fhuílleach a bheith fágtha. Samplaí: is iad **1,2,4**,8,16 fachtóirí 16 is iad **1,2,4**,5,10,20, fachtóirí 20 is iad **1,2,**3,**4**,6,9,12,18,36 fachtóirí 36 is iad 1, 2 agus 4 na fachtóirí coiteanna agus is é 4 an fachtóir coiteann is airde.
fachtóir coiteann is airde (FCA) *highest common factor*	Is é seo an tslánuimhir is mó ar féidir a roinnt ar dhá uimhir nó níos mó. Sampla: FCA de 16, 28 agus 36 = 4
fachtóir príomha *prime factor*	Fachtóir ar uimhir phríomha é. Tá modhanna éagsúla ann le teacht ar fhachtóirí príomha. Sampla:  

faobhar *edge*	Is é seo an trasnú idir dhá dhromchla; go sonrach, an líne dhíreach mar a dtagann dhá aghaidh polaihéadráin le chéile.  
fiarlínte *oblique lines*	Is línte iad seo nach bhfuil comhthreomhar ná ingearach. Dhéanfadh siad géaruillinn nó maoluillinn dá dtrasnódh siad a chéile. 
fíor phlánach *plane figure*	Is cruth 2-T é seo. Samplaí:  **Triantán** **Dronuilleog** **Heicseagán** **Ciorcal** **Cearnóg**
foirm shínte *expanded form*	Is é seo nuair a scríobhtar luach iomlán gach digite atá in uimhir. Sampla: 246 = 2 chéad + 4 dheich + 6 aonad nó 200 + 40 + 6
foirmle *formula*	Is bealach éasca é seo chun eolas a chur in iúl trí úsáid siombailí. Sampla: Achar triantáin: (½ x bonn x airde) = ½ba
fo-thacar *subset*	Is tacar é seo ina bhfuil cuid de bhaill, nó baill uile, tacair eile. Is fo-thacar de chuid gach tacair é an tacar neamhnitheach. Sampla: Tacar A= {Ciarraí, Tír Eoghain, Baile Átha Cliath, Gaillimh}. Is fo-thacar é C de chuid A agus d'fhéadfaí gur C= { Ciarraí, Tír Eoghain, Gaillimh }.

fréamh chearnach *square root*	Fréamh chearnach uimhreach is ea uimhir eile a bhfuil an chéad uimhir mar fhreagra nuair a dhéantar í a iolrú fúithi féin. Sampla: Le fréamh chearnach 25 a fháil, caithfidh tú oibriú amach cén uimhir is féidir a iolrú fúithi féin chun 25 a dhéanamh? 5 an freagra. $\sqrt{16}$ = 4, 4x4 = 16; 11 = $\sqrt{11}$ x $\sqrt{11}$
ga *radius* *ray*	Tá dhá chineál gathanna ann. 1. Is líne é seo a cheanglaíonn lár ciorcail d'imeall ciorcail. Tá leath d'fhad an trastomhais sa gha. Sampla: tá dath gorm ar gha an chiorcail thíos.  2. Is líne í seo atá finideach i dtreo amháin ach infinideach sa treo eile. 
géar *acute*	Is uillinn í seo atá níos mó ná 0° ach níos lú ná 90°. 

geochlár *geoboard*	Úsáidtear é seo le foghlaim faoi chomhordanáidí chomh maith le cruthanna 2-T a dhéanamh, trí bhandaí leaisteacha a úsáid.
geostiallacha *geostrips*	Úsáidtear iad seo le cruthanna 2-T a dhéanamh.
heicseagán *hexagon*	Is polagán séshleasach é seo.
heicteár *hectare*	Is aonad achair é seo arb ionann é agus 100 ár. 100m Heicteár $10{,}000m^2$ 100m
histeagram *histogram*	Is léaráid í seo a léiríonn sonraí ina ndronuilleoga. Bíonn boinn ar comhleithead orthu agus léiríonn achar na dronuilleoige na sonraí.
imlíne *circumference* *perimeter*	Is é seo suim iomlán fhad na sleasa i bhfíor nó i gcruth nó fad imeall an chiorcail.  

idirmhír *intersection*	Is é seo forluí tacar, mar a bhfeicimid na baill atá in dhá thacar nó níos mó. Úsáidtear an tsiombail $\cap$. Sampla:  $A \cap B = \{3, 4\}$ 
inbhéarta *inverse*	In go leor cásanna, ciallaíonn sé seo 'a mhalairt'. (Féach comhréir inbhéartach) Is é an suimiú inbhéarta an dealaithe. Is é an t-inbhéarta suimiúcháin atá ag uimhir, an uimhir a chuireann tú léi le náid a thabhairt. Is é 8 inbhéarta suimiúcháin -8. Is é an t-inbhéarta iolrúcháin an uimhir faoina n-iolraítear uimhir le 1 a thabhairt. Is é $\frac{1}{7}$ inbhéarta iolrúcháin 7.
ingearach *perpendicular*	Nuair a thagann dhá líne le chéile mar dhronuillinn (90°). 
iolrach/toradh *product*	Is é seo an toradh nuair a iolraítear dhá uimhir. Sampla: 21 x 8 = 168
iolraí *multiple*	Nuair a dhéantar uimhir trína hiolrú ar uimhir eile. Sampla: Is iad 7, 14, 21, 28, 35, 42 ……. iolraithe 7.
iolraí coiteann is ísle (ICI) *lowest common factor*	Is í seo an uimhir is lú ar a roinneann, ainmneoirí tugtha, go cothrom. Is féidir teacht uirthi trí iolraithe na n-ainmneoirí seo a liostú in ord méadaitheach go dtí go mbaintear uimhir choiteann amach. Sampla : Le ICI 8, 9 agus 12 a aimsiú, d'fhéadfaí a n-iolraithe a liostú**:** 8,16, 24, 32, 40, 48, 56, 64, **72**, 80, 88, … 12, 24, 36, 48, 60, **72**, 84, 96, … 9,18, 24, 36, 45, 54, 63, **72**, 81, 90, …

ionadchoinneálaí *place holder*	Is é seo ról nialais sa chóras ionadluacha uimhrithe. Féach *ionadluach*. Sampla: San uimhir 507, coinníonn 0 ionad na ndeicheanna lena léiriú nach bhfuil deich ar bith ann.
ionadluach *place value*	Is é atá i gceist anseo go socraítear luach digite bunaithe ar an ionad ina bhfuil sí. Mar shampla, is féidir le '6' seasamh do sé, seasca, sé chéad, sé dheichiú agus mar sin de, ag brath ar an áit a bhfuil sí scríofa san uimhir. 6 60 600 0.6
ionann *equivalent*	Ciallaíonn sé seo 'a bhfuil an luach céanna aige'. Sampla: is ionann ½, 0.5, and 50%.
lascaine *discount*	Is laghdú é seo (céatadán de ghnáth). Is iondúil go mbaineann sé seo le hairgead.
léaráid ghais is duillí *steam and leaf plot*	Is léaráid í seo a úsáidtear chun sonraí a léiriú. 1 | 9 2 | 2 5 6 7 8 9 3 | 0 4 6 7 4 | 2 3 4 6 8 8 9 5 | 2 3 5 7 8 6 | 2
léaráid tacair *set diagram*	Is é seo an pictiúr is simplí de líon sórtáilte ina bhfo-thacair; léiríonn réimse iata (ar nós ciorcail) agus ainmneacha na míreanna aonair.
léaráid Venn *Venn diagram*	Is pictiúr í an léaráid Venn de roinnt tacar. 
leaschodán *improper fraction*	Is codán é seo ina bhfuil an uimhir os cionn na líne (uimhreoir) níos mó ná an uimhir fúithi (ainmneoir). Sampla: $\frac{5}{3}$

líne *line*	Líne dhíreach atá i gceist. Is fo-thacar í de na línte ar phlána. Téann sí ar aghaidh go deo sa dá threo. 
líon *quotient*	Is toradh roinnte é seo. Sampla: $\frac{24}{8} = 3$
lítear *litre*	Is aonad toillte é seo a úsáidtear le leachtanna a thomhas. 1 lítear =1000ml
lúide *minus*	Is féidir gur oibríocht nó airí é seo. Ciallaíonn sé sin gur féidir é a úsáid chun dealú a dhéanamh, nó chun luach diúltach a léiriú. Sampla: Cuirtear síos ar -39 mar 'tríocha a naoi diúltach' nó mar 'lúide tríocha a naoi' agus is airí é seo.
maol *obtuse*	Is uillinn í seo atá níos mó na 90° ach níos lú ná 180°. 
meáchan *weight*	Is í seo an imtharraingt ar réad.
meán *mean*	Is é seo meán simplí tacar tugtha sonraí. Is é meán 8,7,12,0, 3 = 8 +7 +12 +0 +3 = 30 ÷5 = 6
meastachán *estimate*	Is buille faoi thuairim ar fhreagra é seo.

méid *magnitude*	Is tomhas é seo ar mhéid gach cineál ruda. Sampla: Tomhaistear méid crith talún ar scála Richter ó 0 go 10.
millilítear *millilitre*	Is é seo an míliú cuid de lítear, a scríobhtar mar 1 ml.
milliméadar *millimetre*	Is é seo an míliú cuid de mhéadar, a scríobhtar mar 1 mm. 
minicíocht choibhneasta *relative frequency*	Is é seo an líon uaireanta a tharlaíonn teagmhas roinnte ar an líon iomlán turgnamh. Sampla: A mhinice a fhaightear uimhir a 5 nuair a rolltar dísle cothrom fiche uair. Dá dtiocfadh uimhir a 5 anuas ceithre huaire, ba é $\frac{4}{20}$ an mhinicíocht choibhneasta.
mírlíne *line segment*	Is cuid de líne í seo. Tá foircinn uirthi trína sainaithnítear nó a n-ainmnítear í. Tá an mhírlíne [KL] sa léaráid thíos. 
mód *mode*	Is é seo an luach is coitinne i dtacar sonraí. Sampla:12, 34 , 25,17, 34, 56,12, 67, 43, 68, 93, 34, 33, 21, 25. Is é 34 an mód.

móide *plus*	Is é seo an oibríocht suimiúcháin. Sa Bhéarla, úsáidtear an focal mar airí uimhreach freisin, áit a úsáidtear an comhartha deimhneach *plus* sa Ghaeilge. Samplaí: Suimiú 4 + 15 = 19
neamhathraitheacht uimhris *conservation of number*	Ciallaíonn sé seo gur féidir na huimhreacha a chuntas in ord ar bith. Ní gá aonfhoirmeacht a bheith ag an tacar.
ochtaihéadrán *octahedron*	Is cruth 3-T é seo ar a bhfuil ocht n-aghaidh. 
orduimhreacha *ordinal numbers*	Is uimhir í seo a léiríonn ionad coibhneasta i seicheamh. Sampla: céad, dara, tríú……..
píchairt *pie chart*	Is léaráid í seo atá ar chruth ciorcail nó diosca a úsáidtear le sonraí a léiriú. Tá 360° an diosca roinnte i gcomhréir ina bpíosaí den phiódg.
picteagram *pictogram*	Is bealach é seo le sonraí scoite a léiriú ina seasann pictiúr nó íocón aonair do gach ball den líon, eagraithe ina sraitheanna nó ina gcolúin. **Na torthaí is fearr le páistí i rang bunscoile**

plus (comhartha deimhneach) *plus sign*	Airí uimhreach is ea seo, a léiríonn go bhfuil an uimhir níos mó ná nialas. (Féach *deimhneach*.) Sampla: is féidir an uimhir plus 6, +6 a scríobh mar 6.
polagán *polygon*	Is cruth déthoiseach (2-T) é seo atá déanta d'fhaobhair dhíreacha. Ní gá gur cruth rialta é. Samplaí: 
polaihéadrán *polyhedron*	Is cruth tríthoiseach é seo (3-T) a dhéantar de dhromchlaí cothroma. Ní gá gur cruth rialta é. Samplaí: 
priosma *prism*	Is cuth é seo a dhéantar as dhá pholagán chomhionanna ag foircinn urchomhaireacha, atá ceangailte dá chéile ag línte comhthreomhara. 
rannán *dividend*	Is uimhir í nó cainníocht í seo atá le roinnt *ar* uimhir nó cainníocht eile. Sampla: 24 ÷ 6 = 4, is é 24 an rannán.
raon *range*	Is é seo an difríocht idir an píosa is lú agus an píosa is mó de shonraí i dtacar. Sampla: Is é 180 -155 = 25 cm raon ceathrar daoine atá 160 cm, 155 cm, 180 cm, agus 178 cm ar airde.

ráta malairte eachtraí *foreign exchange rate*	is é seo an luach atá ag airgeadra amháin i gcomparáid le hairgeadra eile. Sampla: Ráta malairte eachtraí. €1.00 = $ 1.39 mar sin de €100 = $ 139. $ 2085 = 2085 ÷ 1.39 = € 1500
ráta úis *interest rate*	Is é seo an céatadán iomlán a ghnóthaítear ar infheistíocht nó a íoctar as iasacht. Sampla: €100 infheistithe i mbanc ar feadh 1 bhliain ar ráta úis 10%, méadófar é go €110.
rinn *vertex*	Is pointe nó cúinne e seo ar chruth 3-T nó áit a mbuaileann dhá chruth lena chéile. 
roinnteoir *divisor*	Is í seo an uimhir a roinneann. 36 ÷ 9 = 4, is é uimhir a 9 an roinnteoir.
roth landair *trundle wheel*	Is fearas é seo chun fad a thomhas trí líon na smeachanna a chomhaireamh agus an roth ag tiontú. Is é méadar amháin imlíne an rotha.
sampla randamach simplí *simple random sample*	Bíonn sampla randamach ann nuair a bhailítear sonraí trí fhothacar (sampla) a roghnú go randamach as tacar níos mó (an pobal), ionas go bhfuil an deis chéanna ag gach ball den tacar mór (an pobal) go roghnófaí é/í.

scarbhileog *spreadsheet*	Feidhmchlár ríomhaireachta a léiríonn leatháin oibre ina gcolúin agus ina sraitheanna.

C12 fx

	A	B	C	D	E	F
1						
2	**Dáta**	**Am tosaithe**	**Am críochnaithe**	**Sos**	**Iomlán**	**Nótaí**
3	07/05/2007	9,25	10,25	0	1	Tasc 1
4	07/05/2007	10,75	12,50	0	1,75	Tasc 1
5	07/05/2007	18,00	19,00	0	1	Tasc 2
6	08/05/2007	9,25	10,25	0	1	Tasc 2
7	08/05/2007	14,50	15,50	0	1	Tasc 3
8	08/05/2007	8,75	9,25	0	0,5	Tasc 3
9	14/05/2007	21,75	22,25	0	0,5	Tasc 3
10	14/05/2007	22,50	23,00	0	0,5	Tasc 3
11	15/05/2007	11,75	12,75	0	1	Tasc 3
12						
13						
14						

scór *tally*	Déantar é seo trí shraith stríoc a chlárú. Is iondúil gur barra é an cúigiú stríoc trasna ar na ceithre stríoc eile chun an cuntas a éascú.



séan *index*	Is minic a thugtar 'an chumhacht' air seo. Is é seo an líon uaireanta a iolraítear uimhir faoi féin. Samplaí: 2^3, 4^8, 17^3, 20^2
seicheamh *sequence*	Is tacar uimhreacha é seo a scríobhtar in ord de réir rialach: Samplaí: 1, 2, 4, 8, 16, 32, 62…….. 1, 2, 3, 5, 8, 13, 21……..
siméadracht aiseach *axial symmetry*	Nuair a fhrithchaitear fíor phlánach i líne agus déantar íomhá in áit eile.



siméadracht lárnach *central symmetry*	Is frithchaitheamh ar phointe é seo. Sampla: Is é triantán W (A'B'C') íomhá thriantán M (ABC) trí shiméadracht lárnach i bpointe D. 
siméadracht líneach *line symmetry*	Is é atá i gceist anseo gur féidir leath den chruth a fhilleadh go díreach ar an leath eile. 
slánú *rounding*	Is é seo an próiseas chun garluach freagra a fháil le méid cuí cruinnis. Is féidir é a dhéanamh trí shlánú suas nó anuas. Sampla: €25.37 slánaithe go dtí na deich cent is gaire is ea €25.40 €24.14 slánaithe go dtí na deich cent is gaire is ea €24.10;
slánuimhreacha *integers/whole numbers*	Uaireanta, ciallaíonn sé seo na huimhreacha aiceanta ach is fearr 0 a áireamh orthu chomh maith. -5, -3, 0, 17, 213, 488

slios (sleasa) *side (sides)*	Is iad seo na himill dhíreacha atá ar chruth iata déthoiseach. 
sonraí *data*	Is eolas é seo a léirítear trí úsáid graif nó tábla de shórt éigin. Bíonn idir shonraí uimhriúla agus shonraí neamh-uimhriúla ann. Tá dhá chineál sonraí uimhriúla ann: sonraí scoite agus sonraí leanúnacha. Tugtar sonraí catagóireacha ar shonraí neamh-uimhriúla, agus d'fhéadfaí gur sonraí ainmniúla nó sonraí oird a bheadh ann. Samplaí: **Sonraí uimhriúla** ***Sonraí scoite:*** Dá bhfiafraí de dhaoine an mó peata a bhí acu, bheadh freagraí scoite ann, tabharfaidh siad slánuimhir ar nós 0,1 2, 3 …. Ní bhíonn ach luachanna uimhriúla áirithe i gceist le sonraí scoite – ní fhéadfaí 2.3 peata a bheith ag duine! ***Sonraí leanúnacha:*** Sampla díobh seo ná airde dhaoine: 1.51m, 1.62m srl. Is féidir luach uimhriúil ar bith, laistigh de raon áirithe, a bheith ann. **Sonraí catagóireacha** ***Sonraí oird:*** Dá gcuirfeá ceist ar dhaoine cén toradh a fuair siad sa triail Mhata dheireanach, is sonraí oird a bheadh sna freagraí, .i. A, B, C, D. Le sonraí oird ní uimhreacha a bhíonn i gceist ach tá ord nádúrtha ann mar sin féin. ***Sonraí ainmniúla:*** Seo na sonraí a bheadh agat ag eascairt as suirbhé faoin dath is fearr le daoine, dearg, gorm, glas srl. Ní uimhreacha iad, agus níl aon ord sna sonraí ach an oiread. Níl dearg níos fearr ná gorm.
sorcóir *cylinder*	Is cruth tríthoiseach é seo ar a gceanglaíonn dromchla leanúnach cuartha dhá fhoirceann chiorclacha chomhionanna.
spás samplach *sample space*	Is é seo an liosta de gach toradh féideartha ar thurgnamh. Sampla: Nuair a bhíonn dhá bhonn á gcasadh, seo a leanas na torthaí a d'fhéadfaí bheith ann (Ceann, Ceann) (Ceann, Cruit) (Cruit, Cruit) (Cruit, Ceann) Is iad sin an spás samplach. Sa chás seo, tá ceithre thoradh sa spás samplach.

<table>
<tr><td>sracfhéachaint
subitise</td><td>Ciallaíonn sé seo an líon nithe i dtacar a insint láithreach, gan iad a chuntas.
  </td></tr>
<tr><td>staitistic
statistics</td><td>Staidéar ar fhaisnéis (eolas) a bhailítear mar shonraí.
 

16%</td></tr>
<tr><td>straitéis an bhraislithe
clustering strategy</td><td>Is cineál meastacháin é seo is fearr a oireann do ghrúpa uimhreacha a ‘bhraislíonn’ thart ar luach coiteann.
Sampla: Líon daoine a tháinig chun na ceolchoirme
<table>
<tr><td>Luan</td><td>Máirt</td><td>Céadaoin</td><td>Déardaoin</td><td>Aoine</td></tr>
<tr><td>425</td><td>506</td><td>498</td><td>468</td><td>600</td></tr>
</table>
Is é thart ar 500 an meántinreamh.
500 x 5 oíche = 2,500</td></tr>
<tr><td>straitéis tosaigh
front-end strategy</td><td>Is cineál meastacháin é seo ar féidir a úsáid sa suimiú. Is iad na digití is faide ar clé (tosach) is suntasaí maidir leis an meastachán tosaigh a dhéanamh agus is féidir iad a úsáid astu féin sna céimeanna luatha chun garmheastachán a dhéanamh.
Sampla: €1.54 + €6.35 + €0.99 + €2.51 =
€1 + €6 + €2 = €9
54c + 35c is é sin thart ar €1, 99c sin beagnach €1 agus 51c sin beagnach 50c.
Meastachán foriomlán is ea €11.50 (€9 + meastachán cent dar suim €2.50).</td></tr>
</table>

suirbhé *survey*	Is modh é seo chun sonraí a bhailiú trí cheisteanna a chur ar líon daoine nó ar chuid de líon daoine.
tacar *set*	Is cnuasach de réada é seo a shainmhínítear go beacht. Sampla: S = { madra, cat, eilifint, sioráf}
tacar neamhnitheach *null set*	Is tacar é seo nach bhfuil ball ar bith ann. Sampla: T = {Líon na nÉireannach atá 5m ar airde}. T = { } Tá na siombailí a léiríonn an tacar neamhnitheach thíos. $\{\ \}$ $\quad$ $\emptyset$
tangram *tangram*	Is puzal Síneach é seo atá déanta de sheacht gcruth gheoiméadracha, 2 thriantán mhóra, 1 triantán meánmhéide, dhá thriantán bheaga, 1 chearnóg agus 1 chomhthreomharán ar féidir iad a chomhcheangal ina lán fíoracha difriúla. 
teisiliú *tessellation*	Is cruthanna iad seo a luíonn ar a chéile go beacht, a dhéanann patrún leantach agus a dhéanann uillinn 360° ag an bpointe tadhaill. Samplaí: 
teoirim *theorem*	Is ráiteas geoiméadrachta é seo ar féidir é a chruthú trí theoirimí nó aicsímí ar glacadh leo cheana a úsáid. Sampla: Teoirim Phíotágráis

toilleadh *capacity*	Is ag coimeádán amháin a bhíonn toilleadh. Is éard atá i gceist le toilleadh ná seo toirt inmheánach coimeádáin nó go díreach an méid is féidir le coimeádán a choinneáil. Sampla: Is é fiche lítear toilleadh buicéid, mar sin de, glacann sé toirt fiche lítear uisce chun é a líonadh.
toirt *volume*	Is é seo an méid spáis a thógann réad 3-T.  **sorcóir** **bloc dronuilleogach**  **sféar**
toradh *outcome*	Is toradh turgnaimh atá i gceist ann seo. Sample: Roll dísle mar thurgnamh agus is uimhir 1 agus 6 an toradh.
traipéisiam *trapezium*	Is cruth ceathairsheasach é seo ar a bhfuil tacar amháin de shleasa comhthreomhara.

trastomhas *diameter*	Is corda é seo trí lár ciorcail. Tá sé dhá uair níos faide ná an ga. Sampla: tá dath corcra ar an trastomhas sa léaráid thíos. 
treoghraf *trend graph*	Léiríonn sé seo gluaiseacht ghinearálta athrú atá inbhraite ó thaobh na staitistice de thar thréimhse ama. Sampla: uaireanta as láthair atá á léiriú sa treoghraf seo. 
triantán *triangle*	Is cruth tríshleasach é seo. Sampla: Tá 3 shlios ar comhfhad ag triantán comhshleasach, tá 2 shlios ar comhfhad ar thriantán comhchosach agus níl slios ar bith ar comhfhad ar thriantán corrshleasach. 
triantán corrshleasach *scalene triangle*	Is triantán é seo ar a bhfuil trí shlios d'fhaid dhifriúla agus, mar sin de, trí uillinn de mhéideanna difriúla. 

tuairimíocht *conjecture*	Is cur síos ar ráiteas é seo nár cruthaíodh cé acu fíor nó bréagach atá sé ach a bhfuil an chuma air go bhfuil sé fíor. Sampla:. Níl a leithéid de rud ann agus an uimhir phríomha is mó.
turgnamh *experiment*	Is gníomhaíocht í seo a cheadaíonn eolas/sonraí a bhailiú agus a chlárú (ar minic a dtugtar torthaí an turgnaimh air). Sampla: díslí a rolladh agus an tsuim iomlán a chlárú.
uilethacar *universal set*	Tá gach ball de gach tacar dá bhfuil á bplé san uilethacar. Is é U an tsiombail don uilethacar.
uillinn *angle*	Déantar í seo nuair a thagann dhá mhírlíne (dhá chuid de líne) le chéile ag pointe (rinn) nó nuair a thrasnaíonn dhá líne a chéile. Is féidir í a thomhas ina céimeanna agus is féidir gur géaruillinn, dronuillinn, maoluillinn nó uillinn athfhillteach í. 
uillinn athfhillteach *reflex angle*	Is uillinn í seo atá níos mó ná 180° ach níos lú ná 360° (féach uillinn)

uillinntomhas *protractor*	Is fearas geoiméadrach é seo chun uillinneacha a thomhas. 
uimhir aiceanta *natural numbers*	An tacar uimhreacha comhairimh, ag tosú ag 1. Seasann an litir N dóibh. Sampla: N= {1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10……}
uimhir chearnach *square number*	Chun uimhir chearnach a fháil, iolraítear uimhir fúithi féin. 
uimhir dhronuilleogach *rectangular number*	Is féidir iad seo a aimsiú trí na poncanna aonadacha a úsáid chun triantáin nó iolraigh d'uimhreacha aiceanta leantacha a dhéanamh. Uimhreacha dronuilleogacha a thógáil  Cruth 1 — 1 x 2 Cruth 2 — 2 x 3 Cruth 3 — 3 x 4 Cruth 4 ……. Cruth n — 4 x 5…… n x (n=1)
uimhir ilchodach *composite number*	Is uimhir í seo ag a bhfuil níos mó ná dhá fhachtóir. Sampla: 6,12, 51, 65
uimhir phríomha *prime number*	Is uimhir í seo a bhfuil go díreach dhá fhachtóir aici, í féin agus a haon. (Féach *fachtóir*) Samplaí: 2, 3, 5, 7, 11, 13, 17, 19, 23, 29, ……
uimhirabairt *number sentence*	Is cothromóid *nó* ráiteas neamh-chomhionannais é seo. Samplaí: $4 - x = 11$, $4 x^2 < 12$ or $2 + 5 = 7$
uimhirlíne *number line*	Is líne dhíreach í seo, a bhfuil pointí uirthi a sheasann d'uimhreacha, a chuireann béim ar leith ar ord na n-uimhreacha agus a n-ionad maidir lena chéile. 

uimhirlíne fholamh *empty number line*	Is uimhirlíne gan scála í seo, a úsáidtear le tacú le suimiú agus dealú ó mheabhair. 
uimhreacha cairdiúla *friendly numbers*	Is dhá uimhir iad seo atá bainteach lena chéile ar bhealach a dhéanann áireamh an-éasca. Sampla: 457 - 257
uimhreacha cóimheasta *rational numbers*	Is tacar uimhreacha é seo ar a n-áirítear slánuimhreacha, uimhreacha diúltacha, nialas, codáin agus deachúlacha. Is é an litir Q a sheasann dóibh. Samplaí: -97, 128, 0, $\frac{3}{7}$, $-\frac{12}{19}$, 0.529, -17.64
uimhreacha measctha *mixed numbers*	Is uimhir í seo a scríobhtar agus is slánuimhir cuid di agus is codán cuid eile di. Sampla: $7+\frac{3}{8}=7\frac{3}{8}$
uimhreacha triantánacha *triangular numbers*	Is iad seo na huimhreacha ar féidir iad a tharraingt mar thriantáin chomhshleasacha. Sampla: Is iad 1, 3, 6, 10, 15, 21..... na chéad uimhreacha acu seo. 
uimhreoir *numerator*	Is í seo an uimhir os cionn na líne i gcodán. $\frac{2}{3}$ ←

x-ais *x-axis*	Is í seo an ais chothrománach ar ghraf. Tarraingítear í ar an phlána Chairtéiseach agus tá fad infinideach inti sa dá threo. 
y-ais *y-axis*	Is í seo an ais cheartingearach ar ghraf. Tarraingítear í ar an phlána Chairtéiseach agus tá fad infinideach inti sa dá threo.